C/2024/2185

14.3.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11288 — TAPESTRY / CAPRI)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/2185)

1. An 6 Márta 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Tapestry, Inc. ("Tapestry", na Stáit Aontaithe),

— Capri Holdings Limited ("Capri", Oileáin Bhriotanacha na Maighdean).

Gheobhaidh Tapestry rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Capri ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is grúpa faisin só é Tapestry agus tá trí bhranda aige: Coach, Kate Spade New York, agus Stuart Weitzman. Áirítear leis na táirgí a díoltar faoi bhrandaí Tapestry málaí láimhe, earraí beaga leathair, éadaí, bróga, agus gabhálais amhail uaireadóirí, spéaclaí gréine, seodra, agus cumhráin,

— Is grúpa faisin só é Capri a dhearann agus a mhonaraíonn só-táirgí faisin, lena n-áirítear éadaí, coisbhirt, agus gabhálais amhail málaí láimhe agus earraí beaga leathair. Tá trí bhranda i bpunann Capri: Versace, Jimmy Choo, agus Michael Kors.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11288 — TAPESTRY / CAPRI

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').